



Fís SHARE

maidir leis an méid a chuireann an spórt leis an bhforbairt réigiúnach

Is é is cuspóir le SHARE (SportHub: Comhaontas don fhorbairt Réigiúnach san Eoraip) **fís choiteann a leagan amach** maidir leis an méid a chuireann an spórt leis an bhforbairt réigiúnach agus chun sraith gníomhaíochtaí spríodhírthe a bhunú chun an ról seo a neartú tuilleadh. Féachann baill SHARE le leas a bhaint as lánacmhainneacht an spóirt agus na gníomhaíochta coirp d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta ar fud chríocha na hEorpa, trína chuimsiú in ardáin bheartais a dhéileálann le forbairt réigiúnach a neartú.

Aontaíonn baill SHARE go gcuireann an spórt agus an ghníomhaíocht choirp go díreach le fás eacnamaíoch agus le fostaíocht chomh maith le comhtháthú sóisialta i réigiún ar leith ar bith trí:

- nuálaíocht, taighde agus teicneolaíochtaí TFC lena mbaineann ábhar spóirt a spreagadh,
- gníomhaíocht ghnó dhíreach a chruthú agus fostaíocht atá fréamhaithe sa cheantar a chruthú,
- athghiniúint uirbeach agus tuaithe a chothú chomh maith le tarraingteacht fhoriomlán na réigiún agus na turasóireachta a chothú,
- forbairt inbhuanaithe a spreagadh trí réitigh soghluaisteachta boige a fhorbairt,
- folláine, aosú gníomhach agus sláintiúil, chomh maith leis na buntáistí eacnamaíochta agus sóisialta a chur chun cinn trí gníomhaíocht choirp mhéadaithe (e.g. táirgiúlacht, costais cúraim sláinte),
- bheith páirteach i ngrúpaí sóisialta imeallaithe trí shaoránacht gníomhach a chur chun cinn agus scileanna inaistrithe a fhorbairt agus infhostaitheacht a fheabhsú.

Mar sin féin, is beag eolais atá ann faoi na tionchair seo agus níl go leor aitheantais tugtha ina leith, agus mar sin tá siad tearc-mhaoinithe.

Geallann baill SHARE:

- an t-aitheantas agus an fheasacht ar an méid a chuireann an spórt agus an ghníomhaíocht choirp le forbairt áitiúil agus réigiúnach a neartú.
- ról an spóirt agus na gníomhaíochta coirp a neartú thar réimsí beartais,
- an spórt agus an ghníomhaíocht choirp a chur chun cinn ar fud chláir um maoiniú agus ionstraimí airgeadais éagsúla AE, go háirithe cistí an Bheartais Chomhtháthaithe.

Tabharfar faoi na cuspóirí seo trí **chomhiarrachtaí maidir le:**

- teachtaireachtaí coitianta a fhorbairt ina gcuirfear béim ar ábharthacht agus ar thábhacht an spóirt agus na gníomhaíochta coirp i bhforbairt áitiúil agus réigiúnach,
- eolas a scaipeadh, faisnéis a roinnt & feasacht a ardú i measc lucht déanta beartas ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil,
- gníomhaíochtaí forbartha acmhainne agus piarfhoghlama a fhorbairt ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil ar fud na hEorpa.

[Tacadóirí thionscnamh SHARE](#)